## Iarraidh ar réamhrialú ón Naczelny Sąd Administracyjny (an Pholainn) a taisceadh an 26 Aibreán 2022 – Dyrektor Krajowej Informacji Skarbowej v P. w W.

**(Cás C-282/22)**

(2022/C 326/07)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Naczelny Sąd Administracyjny

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Dyrektor Krajowej Informacji Skarbowej

*Cosantóir:* P. w W.

### Na ceisteanna a tharchuirtear

An ionann soláthar casta d'úsáideoirí feithiclí leictreacha ag pointí athluchtaithe lena gcuimsítear:

(a) gléasanna athluchtaithe a sholáthar (lena n-áirítear an luchtóir a chomhtháthú le córas oibriúcháin na feithicle),

(b) leictreachas a sholáthar, laistigh de pharaiméadair arna gcoigeartú mar is cuí, do cheallraí na feithicle leictrí,

(c) an tacaíocht theicniúil de réir mar is gá d'úsáideoirí feithiclí, agus

(d) ardán, suíomh gréasáin nó feidhmchlár ar leith a sholáthar trína bhféadfadh úsáideoirí nascóir áirithe a chur in áirithe agus breathnú ar stair a n-íocaíochta agus a n-idirbhearta, agus an rogha "ríomhthiacóg" a úsáid chun an t-iarmhéid atá dlite as seisiúin athluchtaithe aonair a íoc

— agus soláthar earraí de réir bhrí Airteagal 14(1) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, [1] nó soláthar seirbhísí de réir bhrí Airteagal 24(1) de?

(1) IO 2006 L 347, lch. 1.

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal d'arrondissement (Lucsamburg) a taisceadh an 29 Aibreán 2022 – TP v Administration de l'Enregistrement, des Domaines et de la TVA

**(Cás C-288/22)**

(2022/C 326/08)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal d'arrondissement

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* TP

*Cosantóir:* Administration de l'Enregistrement, des Domaines et de la TVA